Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Márta 2022
(OR. en)

7416/22

COAFR 81
COHOM 27
COHAFA 34
COTER 80
POLMAR 27
ECO 23
CLIMA 122
ENV 254

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Camarún<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 21 Márta 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Camarún, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 3859ú cruinniú a bhí aici an 21 Márta 2022.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Camarún**

1. Is comhpháirtithe seanbhunaithe iad Camarún agus an tAontas a bhfuil leas coiteann acu feabhas breise a chur ar an gcomhar eatarthu. Measann an tAontas go bhfuil tábhacht mhór ag baint leis an gcomhpháirtíocht atá aige le Camarún agus athdhearbhaíonn sé go bhfuil sé réidh dlús a chur le teagmháil an Aontais leis an Rialtas, leis na húdaráis áitiúla agus leis an tsochaí shibhialta sna réimsí uile a bhaineann leis an leas frithpháirteach.

2. Molann an tAontas do Rialtas Chamarún a áirithiú go mbeidh ann timpeallacht pholaitiúil atá síochánta lánchuimsitheach ina bhféadfaidh an freasúra agus an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear mná agus an óige, rannpháirt fhóinteach a ghlacadh gan bhac ar mhaithe le hidirphlé, rannpháirtíocht pholaitiúil níos leithne, rialachas daonlathach agus an smacht reachta a chur chun cinn.

3. Is díol sásaimh don Aontas na gealltanais a thug Rialtas Chamarún an rialachas áitiúil a neartú, lena n-áirítear trí stádas speisialta a thabhairt do réigiún an Iarthuaiscirt agus do réigiún an Iardheiscirt, ag éirí as Idirphlé Mór Náisiúnta na bliana 2019. Iarrann an tAontas go gcuirfí chun feidhme go pras agus go héifeachtach iad faoi chuimsiú phróiseas an díláraithe atá ar siúl faoi láthair. I dtaca leis sin, is mian leis an Aontas cúnamh a thairiscint arís de mheon na comhpháirtíochta agus na hurraime d'iomláine chríochach na tíre.

4. Is cúis mhór imní don Aontas i gcónaí an ghéarchéim leanúnach i réigiúin an Iarthuaiscirt agus an Iardheiscirt agus cáineann sé go géar sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine agus sáruithe ar phrionsabail dhaonnúla; cuireann sí i bhfios go láidir nach mór go mbeadh cuntasacht ann. Cáineann an tAontas an foréigean i gcoinne sibhialtach, go háirithe an foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, fuadaigh agus ionsaithe córasacha ar scoileanna lena gcuirtear cosc ar rochtain ar oideachas.

5. Iarann an tAontas go gcuirfí deireadh láithreach leis an bhforéigean, go n-urramófaí cearta an duine agus prionsabail dhaonnúla, go mbeadh rochtain dhaonnúil gan bhac ann agus timpeallacht shábháilte don obair dhaonnúil. Iarann an tAontas go ndéanfaí bearta éifeachtacha forbartha muiníne agus go gcuirfí tús le hidirphlé cuiditheach idir na páirtithe uile chun deireadh a chur leis an bhforéigean agus chun teacht ar réiteach fadtéarmach ar an ngéarchéim. D'fhéadfadh ról lárnach a bheith ag an diaspóra maidir leis sin. Níl aon réiteach míleata ar an ngéarchéim, agus ní dhéanfaidh an foréigean leanúnach ach cur leis an deighilt agus leis an ngéarchéim dhaonnúil.

6. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé réidh chun tacaíocht níos gníomhaí a thabhairt d'aon tionscnamh fóinteach idirghabhála, a bhféadfadh socrú síochánta agus fadtéarmach a bheith mar thoradh air, lena n-áirítear an próiseas faoi stiúir na hEilvéise. Beidh sé ríthábhachtach seirbhísí bunúsacha a thosú an athuair agus a neartú de réir a chéile, lena n-áirítear oideachas, rochtain ar uisce, sláintíocht agus sláinteachas, chun an mhuinín a athbhunú, na réigiúin a chobhsú, agus an fás eacnamaíoch a spreagadh. Iarann an tAontas go mbeadh rannpháirtíocht chothrom fhóinteach ag mná san idirghabháil agus i bpróisis na síochána agus na slándála. Tá an tAontas réidh chun atógáil na limistéar is mó atá thíos leis an bhforéigean a thionlacan mar chuid lárnach de phróiseas athmhuintearais agus cothaithe síochána, próiseas lena ngabhann dálaí riachtanacha: deireadh a chur láithreach bonn leis an gcogaíocht agus idirphlé éifeachtach a bhunú idir na páirtithe.

7. Cáineann an tAontas go géar gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta Boko Haram agus Stát Ioslamach na hAfraice Thiar sa Chiantuaisceart ar sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta iad. Athdhearbhaíonn an tAontas a dhlúthpháirtíocht le Camarún sa chomhrac sin. Aithníonn an tAontas na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Camarún chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac in Imchuach Loch Shead agus is díol sásaimh dó an ról gníomhach na tíre sin sa Tascfhórsa Comhpháirteach Ilnáisiúnta. Is cúis mhór imní don Aontas an borradh atá tagtha faoin bhforéigean agus an marú idirphobail a tharla sa Chiantuaisceart le déanaí. Iarrann an tAontas ar Rialtas Chamarún agus ar na gníomhaithe ábhartha uile oibriú chun an teannas sin a mhaolú agus chun filleadh sábháilte na ndaoine sin atá easáitithe ina dtír féin agus filleadh na ndídeanaithe a éascú. Tá sé faoi réir, in éineacht leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta, chun leanúint dá chúnamh san iarracht sin.

8. Aithníonn an tAontas go gcuireann Camarún go mór leis an gcobhsaíocht réigiúnach, go bhfuil sé ag iarraidh an tslándáil ag a theorainneacha a áirithiú, agus go bhfuil ról atá aige chun an tslándáil mhuirí a áirithiú i Murascaill na Guine. Tá an tAontas tiomanta leanúint de bheith ag obair le Camarún faoi chuimsiú Ailtireacht Yaoundé agus trí na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe (CMP) i Murascaill na Guine.

9. I bhfianaise ghealltanais Chamarún maidir leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta faoin tSaoráid Fhadaithe Chistiúcháin, molann an tAontas do Chamarún athchóirithe struchtúracha airgeadais agus eacnamaíocha a dhéanamh chun feabhas a chur ar an rialachas eacnamaíoch, ar an mbainistíocht airgeadais phoiblí, ar an timpeallacht fhoriomlán ghnó, agus a chomhrac i gcoinne na caimiléireachta a neartú.

10. Tugann an tAontas dá aire agus is cúis imní dó an chaoi a gcuireann an t-athrú aeráide le ganntanas uisce, le neamhdheimhneacht an tsoláthair bia agus le hiomaíocht i leith acmhainní sa tír, rudaí a chuireann le leibhéil na héagobhsaíochta. Is díol sásaimh don Aontas rannpháirtíocht Chamarún chun an cur chuige réigiúnach a neartú maidir leis an gcaomhnú agus tá sé faoi réir chun tacú le Camarún géarú ar an ngníomhaíocht chun feabhas a chur ar bhainistiú acmhainní nádúrtha agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thábhachtacha eile maidir leis an gcomhshaol amhail an dífhoraoisiú agus cailliúint na bithéagsúlachta, lena n-áirítear in Imchuach an Chongó.

11. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do Chamarún agus do mhuintir Chamarún agus iad ag féachaint le tír chobhsaí, rathúil a bhunú do chách, ina n-urramaítear go hiomlán prionsabail an daonlathais agus cearta an duine.